**MRB 1 – Gnó á chur i ngníomh**

**Achoimre**

An tréimhse ina gcaitheann an scoláire ceithre seachtaine ag cur Gnó á chur i ngníomh i gcrích: Dé Luain, an 12 Márta go dtí Dé hAoine, an 20 Aibreán 2018.

Tugann Gnó á chur i ngníomh deis don scoláire tabhairt go gníomhach faoi thaithí foghlama phraiticiúil agus fhírinneach a léiríonn gníomhaíochtaí a dhéantar go rialta sa timpeallacht ghnó. Beidh sé ag feidhmiú mar thomhaltóir, mar fhiontraí, mar bhainisteoir agus mar dhuine den lucht déanta cinntí agus é ag pleanáil agus ag déanamh taighde, ag déanamh anailís ar shonraí agus ar fhaisnéis, ag réiteach fadhbanna agus ag déanamh cinntí, ag úsáid teicneolaíocht dhigiteach chun eolas a bhainistiú, agus ag dul i mbun gnímh. Tugtar trí rogha don scoláire as a roghnóidh sé tionscadal Gnó á chur i ngníomh:

**Rogha Tionscadail 1: Fiontraíocht á cur i ngníomh**
Tugtar deis don scoláire tabhairt faoi ghníomhaíocht fiontraíochta. Is féidir leis an ngrúpa roghnú ó na cinn seo a leanas:

- Is féidir leis an scoláire táirge nó seirbhís a fhorbairt. Féadfaidh sé an táirge nó an tseirbhís a cheapadh nó a chumadh é féin (toisc go sainaithníonn sé margadh féideartha a bheith aige/aici), nó féadfaidh sé táirge nó seirbhís atá ann cheana a fhorbairt (toisc go sainaithníonn sé go bhféadfaí cur lena m(h)argadh).
- Is féidir leis an scoláire imeacht nó gníomhaíocht fiontraíochta (brabúis nó neamhbhrabúis) a fhorbairt. Féadann sé a bheith ina imeacht aon uaire nó ina imeacht a eagraítear thar thréimhse ama níos faide. Is féidir tabhairt faoi chun críocha eacnamaíocha, sóisialta nó cultúrtha.

**Mar chuid den tionscadal gníomhaíochta seo:**

- Tabharfaidh an scoláire faoi thaighde chun indéantacht a smaoinimh a mheas
- Déanfaidh an scoláire measúnú ar thorthaí a thaighde
- Forbróidh an scoláire plean gnó bunaithe ar thorthaí a thaighde ina ndéanfar cur síos ar ghnéithe den chumasc margaíochta atá le cur i bhfeidhm agus ar fhaisnéis airgeadais don fhiontar
- Soláthróidh an scoláire an táirge, an tseirbhís, an t-imeacht nó an ghníomhaíocht fiontraíochta a roghnaigh sé dá spriocmhargadh, nuair is féidir
- Déanfaidh an scoláire taifead ar ionchuir agus ar aschuir an fhiontair, nuair is féidir
- Déanfaidh an scoláire tionscadal a thiomsú chun achoimre a dhéanamh ar an bhfiontar

**Rogha Tionscadail 2: Eacnamaíocht á cur i ngníomh**
Tugtar deis don scoláire treocht, forbairt, athrú nó beartas eacnamaíochta atá ag imirt tionchar dearfach nó diúltach ar gheilleagar agus ar shochaí na hÉireann a iniúchadh.

**Mar chuid den tionscadal gníomhaíochta seo:**

- Tabharfaidh an scoláire faoi thaighde ar an tsaincheist eacnamaíochta a roghnaíonn sé
- Déanfaidh an scoláire measúnú ar thorthaí a thaighde. Cuimseoidh an measúnú eacnamaíoch tairbhí agus costais eacnamaíocha, shóisialta agus chomhshaoil ar phríomhpháirtithe leasmhara difriúla a shainaithint agus a mheas
- Taispeánfaidh an scoláire úsáid táscairí eacnamaíocha agus léiriúcháin ghrafacha ábhartha chun tacú le torthaí a thaighde
- Forbróidh an scoláire plean gníomhaíochta ina dtugtar breac-chuntas ar athrú ar bheartas eacnamaíoch a d'fhéadfadh feabhas a chur ar na torthaí eacnamaíocha a d'eascródh as
- Déanfaidh an scoláire tionscadal a thiomsú chun achoimre a dhéanamh ar a shaothar

**Rogha Tionscadail 3: Airgeadas á chur i ngníomh**
Tugtar deis don scoláire dúshlán airgeadais a bhíonn ag tomhaltóir nó ag eagraíocht (eagraíocht bhrabúis nó eagraíocht neamhbhrabúis) a shainaithint agus taighde a dhéanamh air.

**Mar chuid den tionscadal gníomhaíochta seo:**

- Déanfaidh an scoláire dúshlán airgeadais roghnaithe a iniúchadh do dhuine aonair nó d'eagraíocht (eagraíocht bhrabúis nó eagraíocht neamhbhrabúis) agus déanfaidh sé taighde ar an dúshlán sin
- Déanfaidh an scoláire measúnú ar thorthaí a thaighde. Maidir leis an measúnú, d'fhéadfadh cur síos a bheith ann ar roinnt tosca is cúis leis an dúshlán airgeadais, chomh maith le sainaithint na gcostas do na príomhpháirtithe leasmhara éagsúla agus rangú an tionchair dhearfaigh agus dhiúltaigh ar ioncam agus ar chaiteachas
- Tacóidh an scoláire lena anailís le léiriúcháin tháblacha agus ghrafacha
- Forbróidh an scoláire plean gníomhaíochta chun aghaidh a thabhairt ar an dúshlán airgeadais de réir a mheasúnaithe ar thorthaí an taighde

- Déanfaidh an scoláire tionscadal a thiomsú chun achoimre a dhéanamh ar a shaothar

Cuirfear Gnó á chur i ngníomh i gcrích laistigh de **cheithre seachtaine**. Sa Mheasúnú Rangbhunaithe seo rachaidh an scoláire i ngleic le ceithre réimse gníomhaíochta, a chabhróidh leis a chuid fianaise ar fhoghlaim agus ar ghnóthachtáil a ghiniúint:

**1. Taighde a dhéanamh**

Tosaíocht maidir leis an Measúnú Rangbhunaithe a chur i gcrích is ea scileanna taighde an scoláire a fhorbairt. A luaithe a shocróidh an múinteoir agus an scoláire cén tionscadal Gnó á chur i ngníomh is mian leis a dhéanamh, cuirfear na scoláirí i ngrúpaí. Ba chóir go ndéanfadh gach grúpa iarracht a smaoineamh tionscadail a leagan amach agus smaointe a chur i gceann a chéile maidir le heochairfhocail, frásaí agus faisnéis.
Beidh ar **gach scoláire** sa ghrúpa sonraí agus faisnéis a bhailiú ó fhoinsí difriúla ar mhaithe le taighde a dhéanamh ar an tionscadal. Is féidir le scoláire roinnt taighde allamuigh (taighde príomhúil) agus/nó roinnt taighde deisce (taighde tánaisteach) a dhéanamh, mar shampla: Cuairt allamuigh/ Agallamh/Suirbhé/Taighde ar line/Nuachtáin agus irisí.

**Caithfidh gach scoláire aonair a thaighde féin a dhéanamh (feic Aguisín 1, lch 33)**. Tá sé tábhachtach do gach scoláire taifead a choinneáil ar fhoinse/fhoinsí an eolais ar fad a bhaileofar lena chinntiú go bhféadfar a n-iontaofacht agus a gcáilíocht a mheas, agus gur féidir tagairt a dhéanamh do na foinsí sin sa tionscadal. Ba chóir é a spreagadh chun cuardach éifeachtach a dhéanamh ar ábhar, agus é a mheas agus a shintéisiú.

**2. Faisnéis a mheas**

Ba chóir don scoláire scrúdú a dhéanamh ar an bhfaisnéis a bhailigh sé féin d'fhonn breithmheas a thabhairt ar thorthaí an taighde. Ba chóir tacú le gach scoláire agus é i mbun measúnú ar an bhfaisnéis (feic Aguisín 1, lch 33).
Ba chóir don ghrúpa teacht le chéile chun scrúdú a dhéanamh ar an bhfaisnéis go léir a bhailigh gach duine sa ghrúpa d'fhonn breithmheas a thabhairt ar thorthaí an taighde (feic, lch 16 – 17)

**3. Pleananna gníomhaíochta a fhorbairt**

Nuair a bheidh an taighde agus an measúnú ar an taighde curtha i gcrích ag an ngrúpa, úsáidfidh siad a gcuid anailíse ar thorthaí an taighde chun plean gníomhaíochta a fhorbairt. Ba chóir don scoláire breithiúnais fhónta a léiriú, bunaithe ar fhianaise, ina dtugtar aghaidh ar na dúshláin a thagann lena thionscadal. Ba chóir go mbeadh torthaí an taighde mar bhonn ag an gcur chuige. (feic, lch 17 – 18)

**4. Torthaí a thuairisciú**

Chun an Measúnú Rangbhunaithe a chur i gcrích, ní mór do gach grúpa scoláirí fianaise ar a saothar a chur isteach. Cuirtear tionscadal amháin isteach in aghaidh an ghrúpa. Is é an scoláire a roghnóidh an fhaisnéis is oiriúnaí, iontaofa agus ar ardchaighdeán dar leis le cur san áireamh mar fhianaise ar an tionscadal críochnaithe.

**Fianaise ar fhoghlaim**

Ba chóir go mbeadh an fhaisnéis seo a leanas ar fáil sa tionscadal: Réamhrá don tionscadal ; Fianaise ar thaighde an scoláire i gcás gach duine sa ghrúpa (feic Aguisín 1, lch 33) ; Plean gníomhaíochta chun torthaí an taighde a chur i bhfeidhm ; Conclúid agus moltaí ; Machnamh an Scoláire ó gach duine sa ghrúpa (feic Aguisín 2, lch 35).
Ba cheart go mbeadh an tionscadal suas le 1,500 focal ar fad. Ag brath ar an bhformáid roghnaithe, b'fhéidir nach mbeidh an oiread sin focal i dtionscadail áirithe ach, mar sin féin, léireofar an taighde agus na torthaí ar fad go cuimsitheach. Úsáidfear an fhianaise go léir a chuirfear isteach chun breithiúnas a thabhairt ar leibhéal gnóthachtála an scoláire i gcoinne na nGnéithe Cáilíochta ábhartha atá leagtha síos ar lgh 19-20. 19 Ag ullmhú An Measúnú Rangbhunaithe a chur i gcrích An leibhéal gnóthachtála a chinneadh Na chéad chéimeanna eile Ba cheart go mbeadh ábhair thacaíochta san áireamh sa tionscadal amhail fréamhshamhlacha nó iarsmaí, léiriúcháin ghrafacha, cuntais airgid, suirbhéanna, ceisteanna agallaimh, íomhánna, grianghraif, scéalchlár agus grafaic faisnéise nuair is cuí. Ba cheart an úsáid nuálach as modhanna difriúla chun faisnéis a léiriú a chur chun cinn agus a spreagadh. Ba chóir an tionscadal a leagan amach i bhformáid shoiléir tharraingteach.

Sula gcuireann sé a thionscadal isteach, ní mór do gach scoláire aonair Machnamh an Scoláire a chomhlánú (feic Aguisín 2, lch 35). Is ionann Machnamh an Scoláire a líonadh isteach agus dearbhú sonrach an scoláire faoin ról a bhí aige in obair an ghrúpa ar an tionscadal. Moltar go mbeadh idir triúr agus cúigear scoláirí i ngrúpa ionas go mbeidh gach duine in ann cur go stuama leis an obair agus go mbeidh sé níos éasca an obair a dháileadh agus a roinnt ar an ngrúpa.

**Na Gnéithe Cáilíochta**

Déantar cur síos sna Treoirlínte ar na Príomhghnéithe Cáilíochta a thacaíonn le breithiúnas an scoláire agus an mhúinteora i gcomhair Gnó á chur i ngníomh. Is iad na Gnéithe Cáilíochta na critéir a úsáidtear lena mheas cén ceann de na Tuairisceoirí is fearr a oireann d'obair an scoláire